# Revised Rates of Pay for Bus Escorts

## 1. Introduction

Under Circular 0085/2024, the School Transport Section has introduced a revised hourly rate of pay for bus escorts from 01st October 2024

## 2. Hourly Rate Increase

From 1st October 2024, the basic hourly rate of pay for bus escorts has increased from €13.40 to €15.20 per hour.

As notification of this increase was only issued on the 5th of November, an adjustment will be required to cover the back pay owed to bus escorts.

## 3. Holiday Pay

Holiday pay should be calculated at a rate of 8% of the hourly rate. This equates to €1.22 (€15.20 x 8%). Holiday pay should not be added to the basic rate of pay and should be paid as a separate payment during Christmas, Easter and summer breaks.

## 4. Administration Allowance

An administration allowance which is calculated at 5% of the hours worked by bus escorts is included in the grant. This allowance assists with the cost of administering the employment of bus escorts in the school.

## 5. Funding

The additional funding will be provided initially to schools that have submitted their “Escort Reconciliation Form” for the 2023/24 school year, and thereafter to all other schools that subsequently submit their form. As the holiday pay and the administration allowance has already been paid out on the hours submitted by schools on their 2023/24 Escort Reconciliation Form, the balance will be calculated on a pro-rata basis.

## 6. Circulation

Please ensure that copies of the circular and guideline are provided to all members of the board of management and its contents are brought to the attention of all bus escorts in your employment including those on leave of absence.

## 7. Reference

This guideline is based on Circular 0085/2024.

## 8. Further information

Further information or clarification on any of the issues raised in this guideline can be obtained from the FSSU or by emailing escorttransport@education.gov.ie.

Tel: 01-910 4020
primary@fssu.ie

*6th November 2024*

# Rátaí Pá Athbhreithnithe do Choimhdirí Bus

## 1. Réamhrá

Faoi Chiorclán 0085/2024, tá ráta athbhreithnithe pá in aghaidh na huaire tugtha isteach ag an Rannóg Iompair Scoile do choimhdirí bus ón 1 Deireadh Fómhair 2024.

## 2. Méadú ar an Ráta in aghaidh na hUaire

Ón 1 Deireadh Fómhair 2024, tá an bunráta pá in aghaidh na huaire do choimhdirí bus méadaithe ó €13.40 go €15.20 in aghaidh na huaire.

Ós rud é nár eisíodh fógra maidir leis an méadú seo go dtí an 5 Samhain, caithfear coigeartú a dhéanamh leis an iarphá atá anois dlite do choimhdirí bus a chlúdach.

## 3. Pá Saoire

Ba cheart pá saoire a ríomh ag ráta 8% den ráta in aghaidh na huaire. Is é sin le rá €1.22 (€15.20 x 8%). Níor cheart pá saoire a chur leis an mbunráta pá agus ba cheart é a íoc mar íocaíocht ar leith i rith shaoirí na Nollag, na Cásca agus an tsamhraidh.

## 4. Liúntas Riaracháin

San áireamh sa deontas tá liúntas riaracháin a ríomhtar ag 5% de na huaireanta a oibríonn coimhdirí bus. Cabhraíonn an liúntas sin leis an scoil costais fostaithe coimhdirí bus a sheasamh.

## 5. Maoiniú

Cuirfear an maoiniú breise ar fáil ar dtús do na scoileanna siúd a bhfuil a " bhFoirm Réitigh Coimhdirí" curtha isteach acu don scoilbhliain 2023/24, agus ina dhiaidh sin do gach scoil eile a chuirfidh an fhoirm isteach. Toisc go bhfuil an pá saoire agus an liúntas riaracháin íoctha cheana féin bunaithe ar na huaireanta a chuir scoileanna isteach ar Fhoirm Réitigh Coimhdirí 2023/24, déanfar an t-iarmhéid a ríomh ar bhonn pro rata.

## 6. Scaipeadh

Iarrtar ort a chinntiú go scaiptear cóipeanna den chiorclán agus den treoirlíne ar chomhaltaí uile an bhoird bainistíochta agus go dtarraingítear aird gach coimhdire bus atá fostaithe agaibh orthu, iad siúd atá ar saoire san áireamh.

## 7. Ábhar Tagartha

Tá an treoirlíne seo bunaithe ar Chiorclán 0085/2024.

## 8. Tuilleadh eolais

Is féidir tuilleadh eolais nó soiléiriú a fháil ar aon cheann de na saincheisteanna sa Treoirlíne seo ach dul i dteagmháil le FSSU nó ríomhphost a chur chuig escorttransport@education.gov.ie.

Guthán: 01-9104020
primary@fssu.ie

*An 6 Samhain 2024*